Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland




# Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta

## 2023–2027






**Fine Gall**

**Pictiúir Clúdaigh**
Coalesce photography

# Na Caibidlí


| | | |
|---|---|---|
| | **Réamhrá ón Mhéara agus ón bPríomhfheidhmeannach** | 02 |
| 01 | **Éire Ildánach 2023–2027** | 04 |
| 02 | **Cultúr agus Cruthaitheacht i bhFine Gall** | 06 |
| 03 | **Fís Éire Ildánach do d'Fhine Gall** | 10 |
| 04 | **Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach** Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha | 11 |
| 05 | **Tosaíochtaí Straitéiseacha d'Fhine Gall** | 12 |
| 06 | **Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Fhine Gall** | 17 |
| | **Léarscáil de Fhine Gall** | 19 |


**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

# Réamhrá

### Réamhfhocal an Mhéara

Cuirfidh an fhorbairt ar an Straitéis nua Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027, plean cúig bliana Chlár Éire Ildánach Fhine Gall, creat ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht leanúnach idir an pobal, na cleachtóirí cruthaitheacha, na healaíontóirí, agus Comhairle Contae Fhine Gall. Seo í an dara straitéis Éire Ildánach agus ag féachaint siar ar a bhfuil bainte amach againn le 5 bliana anuas tá sé le tabhairt faoi deara go bhfuil rannpháirtíocht ár bpobal sna healaíona agus in imeachtaí cruthaitheacha á leathnú go mór. Le cúig bliana anuas, tá réimse leathan cláracha curtha ar fáil ag Fine Gall do na mílte saoránach agus é mar aidhm aige go mbeidís cruthaitheach, cuimsitheach, agus nuálach. I measc na dtionscadal seo bhí Ceolchoirmeacha i dTithe Cúraim, tionscadail de chuid *Chruinniú na nÓg* do dhaoine óga agus maoiniú pobail do ghrúpaí le haghaidh taispeántais agus féilte.

Is fíor gur contae é Fine Gall atá saibhir ó thaobh na héagsúlachta agus an chultúir de agus oibríonn Comhairle Contae Fhine Gall go gníomhach leis na pobail agus leis na saoránaigh chun é sin a spreagadh. Leanfaidh Clár Éire Ildánach de bheith ag cothú na héagsúlachta seo chomh maith leis an spéis sa chruthaitheacht agus sa chultúr, go háitiúil agus go náisiúnta.

Anuas air sin bíonn an chruthaitheacht i gcroílár na bpobal atá sláintiúil agus sona, is cuma an dtarlaíonn sé de bharr comhfhorbairt áite, ceiliúradh a bheith á dhéanamh ar an ilchineálacht chultúrtha, an comhtháthú, nó mar gheall ar dhaonra atá cruthaitheach agus nuálach a bheith á spreagadh. Leanfaidh an straitéis cúig bliana ina dhiaidh seo ag tógáil ar na prionsabail seo agus tosaíochtaí straitéiseacha a bhaineann lenár n-áiteanna, ár saoránaigh, ár seirbhísí, agus ár bpobail á gcuimsiú. Cuirfidh an straitéis nua leis na líonraí agus na deiseanna comhoibrithe ar éirigh chomh maith sin leo i saolré na chéad straitéise agus cuirfidh sé tuilleadh leis na tionscadail chomhoibríocha ar fud an chontae.

Le linn mo thréimhse i mo Mhéara, bhí an-áthas orm roinnt imeachtaí a sheoladh agus páirt a ghlacadh iontu, ina measc Write Time Festival agus Festival in a Van, a chuir fáilte roimh ár n-aíonna as an Úcráin in dhá ionad i bhFine Gall, agus fáiltím roimh an deis a thugann imeachtaí ar nós iad seo dúinn cur le rannpháirtíocht an phobail, agus an chruthaitheacht agus an comhtháthú a spreagadh.

Fáiltím roimh an straitéis seo a shainaithníonn tosaíochtaí straitéiseacha a bheidh mar bhonn agus mar thaca chun eolas a thabhairt, agus freagairt fhorleathan a fhorbairt don chruthaitheacht agus don chultúr sa phobal. Leanfaidh an straitéis seo de bheith ag cur leis an gcomhoibriú rathúil atá idir na heagraíochtaí agus na pobail agus cabhróidh sé le go mbeidh tionchar leanúnach ag tionscnamh Fhine Gall Ildánach trí rannpháirtíocht leanúnach leis an bpobal agus comhoibriú idirghníomhaireachta le réimse de pháirtithe leasmhara i ngach earnáil i bhFine Gall.

**Howard Mahony**
Méara

### Réamhfhocal an Phríomhfheidhmeannaigh

Is clár cruthaitheachta agus folláine é Clár Éire Ildánach atá bunaithe ar an tuiscint gur chóir go mbeadh deis ag gach duine barr feabhais a bhaint amach mar a bhaineann lena chumas cruthaitheach. Tá téamaí an chomhoibrithe, na féiniúlachta, na folláine, agus na cruthaitheachta mar bhonn agus mar thaca ag gach gné den chlár. Cuireadh colún na *bPobal Ildánach* den chlár faoi chúram na n-údarás áitiúil agus tá ról ríthábhachtach acu ó thaobh é a sheachadadh ina iomláine trína bhfoirne Cultúir agus Cruthaitheachta.

In 2017, mar gheall ar chomh maith agus a d'éirigh leis an gceiliúradh céad bliain ar 2016, cuireadh de chúram ar gach údarás áitiúil straitéis don Chruthaitheacht agus don Chultúr, a mhairfeadh cúig bliana, a leagan amach. Leagadh amach inár straitéis uaillmhianach ár bhfís, ár luachanna, agus ár dtosaíochtaí straitéiseacha d'Fhine Gall ó thaobh an chultúir agus na cruthaitheachta de. Tá go leor bainte amach againn le cúig bliana anuas.

Tá an clár *Cruinniú na nÓg* ag dul ó neart go neart agus tá imeachtaí ealaíon agus cultúir thar a bheith éagsúil curtha ar fáil aige do pháistí lena n-áirítear Fox, Bird, River, Sing! – dráma fuaime uathúil a coimisiúnaíodh do leanaí, agus a chruthaigh na healaíontóirí Thomas Johnston agus Orla Kelly. D'iarr If Trees Could Talk ar pháistí staidéar a dhéanamh ar shaothar grianghrafadóireachta leis an ealaíontóir Louis Haugh, agus mar thoradh ar an taispeántas Talisman i dTeach Newbridge tháinig taispeántas comhoibríoch idir an t-ealaíontóir Barbara Knezevic agus mic léinn i Meánscoil Naomh Seosamh i Ros Eo. Chomh maith leis sin tógadh dhá chosán scéil i gCaisleán Ard Giolláin agus i bPáirc Chionn Iúir. Tá an clár STEAM bunaithe ar fud líonra na leabharlainne agus spás déantóra lánfheidhmiúil ag oibriú i Leabharlann Bhaile Bhlainséir, rud a spreagann an pobal le bheith ag foghlaim agus a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha.

Bhíomar i dteagmháil le go leor grúpaí pobail agus grúpaí áitiúla agus thugamar tacaíocht dóibh, ina measc botháin na bhfear agus botháin na mban, grúpaí oidhreachta áitiúla, ealaíontóirí áitiúla, Cleachtóirí Luathbhlianta, ceoltóirí, údair, maisitheoirí, scannánóirí, agus go leor eile. Mar thoradh ar an rannpháirtíocht seo, tá fás dearfach agus láidir tagtha ar gach gné den chultúr agus den chruthaitheacht fud fad Fhine Gall.

Ba í aidhm na chéad straitéise Cultúir agus Cruthaitheachta 2018-2022 leas a bhaint as saibhreas na cruthaitheachta atá ar fud Fhine Gall, mothúcháin folláine, comhtháthú, agus uileghabhálacht a chur chun cinn agus cur chuige comhoibríoch tras-rannach a úsáid go héifeachtach i gComhairle Contae Fhine Gall agus úsáid á baint as scileanna na foirne, faoi scáth na foirne Cultúir agus Cruthaitheachta. Ar an bhfoireann seo bhí baill foirne ó na healaíona, na leabharlanna, an oidhreacht, ailtireacht, TF, an fhorbairt gheilleagrach, agus an pobal. Is tríd an bhfoireann seo a tugadh faoi réimse leathan tionscadal.

Tá an straitéis nua cúig bhliana bunaithe ar phróiseas láidir comhairliúcháin ina raibh ionchur ag an bpobal, ag an bhfoireann Cultúir agus Cruthaitheachta, an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus grúpaí pobail chomh maith le cleachtóirí ealaíon, maisitheoirí, ailtirí, agus údair. Chuir sé seo eolas ar fáil do straitéis a fhéachann le straitéisí, spriocanna agus beartais ardleibhéil a chur i bhfeidhm. Orthu seo tá an chuid a bhaineann le go bhfuil ár ndéimeagrafaic ag athrú, ionas gur áiteanna iontacha a bheidh inár gcathracha agus inár mbailte le maireachtáil iontu, le bheith ag obair iontu, agus le hinfheistíocht a dhéanamh iontu, chomh maith leis an digitiú, ár mbailte agus lár na mbailte, agus an t-athrú aeráide. Féachfaidh an straitéis nua cúig bliana le hoibriú laistigh de na réimsí straitéise seo le go gcuirfear feabhas ar an gcur chuige a thabharfaidh deiseanna cruthaitheachta agus folláine dár saoránaigh go léir. Creidimid go dtacóidh an straitéis seo le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chaipiteal cultúir agus cruthaitheach i bhFine Gall agus go gcabhróidh sé leis an daonra ilchineálach, cumasach atá ag fás an t-am ar fad, barr a gcumas a iniúchadh.

**AnneMarie Farrelly**
Príomhfheidhmeannach

# 1 Éire Ildánach
## 2023–2027

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain a fheabhsú i dtaobh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann, rannpháirtíocht iontu a fheabhsú agus an sásamh a bhaintear astu a fheabhsú. Laistigh den réimse leathan de shainmhínithe atá ar fáil, meastar an chruthaitheacht a bheith ina shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama; ábaltacht daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú agus trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun smaointe nua a chruthú a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.

Is é fís Chlár Éire Ildánach 2023–2027 an chruthaitheacht a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin chun go mbeimid ábalta an cumas iomlán cruthaitheachta atá ionainn, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, asainn féin agus i ngrúpaí, a thabhairt chun fíre agus folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach maith air sin trí oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht ag cur tuiscint agus meas ar luach na cruthaitheachta i ngach aon fhoirm chun cinn-cé acu ar trí na healaíona, cultúr, oidhreacht nó teicneolaíocht é.

**Déanfaidh Clár Éire Ildánach tús áite a thabhairt dá chuid oibre bunaithe ar chúig ghné don tréimhse 2023–2027:**

1. Óige Ildánach
2. *Pobail Ildánacha*
3. Tionscail Ildánacha
4. Sláinte agus Folláine Ildánach
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

Faoi Chlár Éire Ildánach, tacaíonn *Pobail Ildánacha* leis an gcomhpháirtíocht idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus údaráis áitiúla na hÉireann. Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas saoránach agus pobal a gcultúr agus a gcruthaitheacht a fhiosrú ag an leibhéal áitiúil agus, nuair is cuí, leas a bhaint as an gcruthaitheacht sin chun an fholláine a neartú, aontacht shóisialta a bhrú chun cinn agus tacú le forbairt eacnamaíoch.

Tá *Pobail Ildánacha* nuálach chomh maith i dtaobh an chruthaitheacht a spreagadh chun lánpháirtiú níos mó a bhaint amach ar fud tosaíochtaí beartais spriocdhírithe. Mar thoradh air sin tá tionscnaimh rannpháirtíochta cruthaitheachta nua bainte amach maidir le leanaí agus daoine óga, daoine níos sine, gníomhú ar son na haeráide agus geilleagair áitiúla, mar shampla. Tá dearcadh daoine aonair agus pobail maidir leis an ról agus luach atá ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht lárnach inár bhfolláine sa chiall is leithne ag feabhsú.

Is chun tacú le rannpháirtíocht, uilechuimsiú daoine agus iad a bheith ábalta iad féin a chur in iúl laistigh de phobail atá i gceist leis an deis a glacadh go fonnmhar i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027 Lú agus geilleagair áitiúla cruthaitheachta a neartú tuilleadh.



Daily cloud, Chris Judge and students at Balbriggan ETNS.
**Photograph:** Coalesce



Design a buggy with the Fingalmaker.
**Photograph:** Coalesce

# 2 Cultúr agus Cruthaitheacht i bhFine Gall

Tá pobal bríomhar Fhine Gall ar cheann de na pobail is óige agus is ilchineálaí sa tír ó thaobh na heitneachta de agus tá sé ag fás go tapa i gcónaí. Léiríonn na réamhthorthaí ó dhaonáireamh 2022 go bhfuil daonra Fhine Gall tar éis fás go dtí 329,218. Is ionann é seo agus méadú 11% ó 2016 i gcomparáid leis an meánfhás náisiúnta 8% (LGMA 2022)1. Anuas air sin, tá trí cinn de na toghranna is mó fáis sa stát sa chontae, is iad sin Baile Brigín, Baile Bhlainséir, agus An Barda.[2]

Tá buntáistí suntasacha eacnamaíocha ag Fine Gall, ina measc lucht oibre atá óg ag a bhfuil ardchaighdeán oideachais agus ráta fostaíochta atá réasúnta ard. Is mór an cuidiú freisin a chóngaraí atá Fine Gall do Chathair agus do Chalafort Bhaile Átha Cliath, go bhfuil sé ar chonair eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste, agus go bhfuil Aerfoirt Bhaile Átha Cliath suite i gcroílár an chontae. Cuimsíonn Crios Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath, atá lonnaithe i mBaile Bhlainséir, cuideachtaí sna hearnálacha TF agus na cógaisíochta, agus tá Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir roimhe seo), lonnaithe i bhFine Gall freisin agus tá dlúthcheangal aige le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Is díol spéise é Fine Gall ó thaobh na staire de agus tá oidhreacht shaibhir aige ó thaobh na talmhaíochta, na tionsclaíochta, agus na farraige. Is gné thábhachtach í an acmhainn chultúir seo don turasóireacht i bhFine Gall, agus tarraingíonn Ard Giolláin, Teach Dhroichead Nua, Caisleán agus Gairdíní Mhullach Íde agus Muilte na Sceirí, go háirithe, an-lear cuairteoirí. Tá bithéagsúlacht shaibhir agus oidhreacht nádúrtha shaibhir sa chontae lena n-áirítear tírdhreacha, geolaíocht, gnáthóga, fiadhúlra, in éineacht leis an gcósta agus na hoileáin shainiúla atá amach ó chósta Fhine Gall.

Tá cultúr agus cruthaitheacht na nglúnta a d'imigh romhainn le feiceáil sa tírdhreach, idir láithreáin seandálaíochta agus séadchomharthaí, tithe ceann tuí, caisleáin agus diméin, an ceol, na healaíona, agus an béaloideas. Tá an chleamaireacht ar cheann de na seantraidisiúin atá fós againn i bhFine Gall agus é san áireamh fiú i bhFardal Náisiúnta na hÉireann ar an Oidhreacht Chultúrtha Doláimhsithe3. Le tamall anuas, chuir an 16% dár saoránaigh nach de bhunadh na hÉireann iad (Daonáireamh 2016) le hoidhreacht chultúir an chontae agus traidisiúin, ealaíona agus cleachtais chruthaitheach dá gcuid féin acu. Tá pobal bríomhar ilghnéitheach de chleachtóirí cruthaitheacha i bhFine Gall, gréasán de ghrúpaí pobail atá paiseanta faoin gcultúr agus faoin gcruthaitheacht, agus pobal fiosrach, a léirigh an-tacaíocht do Chlár Éire Ildánach Fhine Gall.

Téann leabharlanna Fhine Gall i mbun plé leis an bpobal trí chlár nuálach d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí, a chuimsíonn gach gné den chruthaitheacht ón ealaín go dtí an teicneolaíocht agus béim ar chuimsiú do chách. Mar gheall ar an gcomhoibriú sa phobal agus laistigh den údarás áitiúil, cothaíodh cur chuige cuimsitheach i leith an chultúir agus na cruthaitheachta. Tá ról lárnach ag na leabharlanna freisin ó thaobh thionscadail Éire Ildánach a sheachadadh laistigh dár líonra leabharlainne agus a chinntiú go bhfuil fáil ag ár saoránaigh ar na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, trí ghníomhaíochtaí bunaithe ar STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaíon agus Mata) a thairiscint do gach aois.

Bhí ról ag leabharlanna Fhine Gall freisin i seachadadh chlár *Cruinniú na nÓg* ó bunaíodh é, agus cuireadh imeachtaí ar bun i mbrainsí na leabharlainne, chomh maith le himeachtaí cuimhneacháin, dhá chosán scéil agus imeachtaí céadfacha.

Nuair a cruthaíodh spás an déantóra i leabharlann Bhaile Bhlainséir agus nuair a ceapadh déantóir cónaithe chuir sé sin spás ar fáil don phobal ina mbeadh ar a gcumas foghlaim faoi theicneolaíochtaí nuálacha i suíomh uathúil, áit a spreagtar agus ina gcosnaítear an chruthaitheacht. Tá sé mar aidhm ag an spás seo intinn fiontraíochta, fiosrúcháin agus foghlama a spreagadh inár saoránaigh in éineacht le cur chuige cruthaitheach i dtaca le réiteach fadhbanna.

[1] Source: Census 2022 Population, Review of preliminary data published by the CSO. LGMA Research, September 2022
[2] Source: Migrant Integration and Social Cohesion Strategy 2019 - 2024
[3] Source: National Inventory of Intangible Heritage https://nationalinventoryich.chg.gov.ie/mummers-of-fingal/

Toisc go bhfuil leabharlann nua an Chontae i gCeathrú Cultúir Shoird suite in aice le hamharclann, gailearaí agus spás déantóra cruthófar sineirgí agus bealaí nua le bheith ag oibriú go cruthaitheach leis an bpobal ar na cláir cruthaitheacha agus cultúir. Toisc go bhfuil Oifig Ealaíon laistigh den spás seo tá deis ann tionscadail chomhoibríocha rathúla a dhaingniú tuilleadh.

Cuireann Oifig Ealaíon Fhine Gall deiseanna coimisiúnaithe ar fáil agus spreagann sé pobal níos leithne le bheith rannpháirtíoch sa Chlár Ealaíne Poiblí agus sna Cláir Óige agus Oideachais. Is colún de phlean na nEalaíon é 'Ár gCumas a Fhorbairt', agus táimid de shíor ag lorg bealaí le spásanna cruthaitheacha nua a fhorbairt do dhaoine. Trí Chlár Óige & Oideachais Fhine Gall *(Cruinniú na nÓg agus Music Generation),* bhí deis ag níos mó páistí agus daoine óga ar fud an chontae a gcruthaitheacht a fhiosrú, agus a gcuid foghlama a dhoimhniú sna healaíona agus tríd na healaíona, agus ar an gcaoi seo a chinntiú go mbeidh áit do na healaíona ina saol. Choimisiúnaigh Clár Ealaíne Poiblí Fhine Gall roinnt tionscnamh sínithe, agus spreag siad seo daoine ónár bpobail ar fad le bheith ag plé leis an ealaín agus thug sé an deis sin dóibh.

Tacaíonn Oifig na nEalaíon le forbairt Cheathrú Chultúir Shoird agus le *Clár Athnuachana Bhaile Bhrigín,* atá á seachadadh faoi láthair. Tá Ionad Ealaíon Draíocht agus Ionad Ealaíon Séamus Ennis, i rith an ama ag cur stiúideonna agus spásanna oideachais éagsúla ar fáil don chruthaitheacht agus do chruthú na healaíne. Le linn *Cruinniú na nÓg 2022,* chuir Draíocht ionad ar fáil do Make Space — don chruthaitheacht oscailte, idirghlúine, bunaithe ar spraoi le haghaidh lucht féachana luathbhlianta agus do theaghlaigh. Bhí cleachtóirí cruthaitheacha ag comhoibriú ar bhealach idirdhisciplíneach chun an spás a fhorbairt agus a choimeád agus gríosadh na cuairteoirí le tréithe na n-ábhar nádúrtha a ionramháil agus a iniúchadh trí bheith ag doirteadh, ag sníomh, ag rianú, ag marcáil, agus ag cóiriú.

## Ag smaoineamh siar ar Straitéis Éire Ildánach Fhine Gall 2018–2022

Ag an leibhéal áitiúil, tá difríocht á déanamh ag cur i bhfeidhm Éire Ildánach Fhine Gall agus tá go leor tionscnamh a raibh idirdhisciplíneacht, nuálaíocht agus comhoibriú lárnach iontu, curtha ar fáil go rathúil, rud a thug próifíl níos airde don ealaíon agus don chruthaitheacht. Chruthaigh sé seo deiseanna maidir le comhoibriú tras-rannach laistigh den Chomhairle, rud a chabhraíonn leis an gcultúr agus an chruthaitheacht a leabú agus deiseanna a chur ar fáil dár saoránaigh go léir dul i ngleic leis an gcultúr agus leis an gcruthaitheacht, sa chiall is leithne.

## Comhairliúchán poiblí

Léirigh an comhairliúchán le cleachtóirí cruthaitheacha, baill den phobal, agus grúpaí pobail tuairimí na ndaoine a ndeachthas i gcomhairle leo, maidir le láidreachtaí an chláir. Bhíothas an-tógtha go háirithe leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil d'ealaíontóirí lena n-áirítear spás, maoiniú agus bonneagar a sholáthar dóibh.

> *"Tá gealladh agus spreagadh ag baint leis an tacaíocht uilíoch a thugtar d'ealaíontóirí agus don chruthaitheacht, agus na colúin ar leith a léiríonn go bhfuiltear toilteanach éisteacht le healaíontóirí ar an talamh".*

> *"An chaoi a ndírítear ar an infreastruchtúr. Nuair atá spás cruthaitheach ar fáil d'ealaíontóirí / stiúideonna/stiúideo cló comónta/gailearaí ealaíne… beidh an cumas cruthaitheach in ann bláthú".*

Tá meas ar an scóip cuimsitheach leathan atá ag an gclár, agus an bealach a shainmhíníonn sé an chruthaitheacht agus a gcuireann sé ar chumas an chláir réimse lucht féachana de gach aois agus cúlra a shroicheadh, ina measc an dream nach ndéantar mórán freastail orthu ó thaobh rochtain ar na healaíona. Mar thoradh ar an maoiniú cuireadh ar chumas grúpaí pobail lena n-áirítear bannaí ceoil, cumainn chónaitheoirí, soláthraithe oideachais luathbhlianta agus grúpaí gasóga a bheith páirteach i dtionscadail de chineálacha éagsúla. Tá an-mheas ar na cláir a bhaineann le taispeántais ealaíne poiblí, ar léirithe i spásanna poiblí, agus ar mhúineadh an cheoil, agus chuirfí fáilte roimh thacaíocht leanúnach.

> *"An tacaíocht airgeadais agus an cúnamh praiticiúil a thugtar do ghrúpaí cosúil linn féin chun cláir a sheachadadh ar bhealach neamh-éilíteach chuir sé ar ár gcumas teagmháil a dhéanamh le codanna den phobal a fhágtar ar lár go minic. Chuireamar an-fháilte roimhe seo…"*

Tugadh aitheantas freisin do ról an chláir maidir leis an bhfeasacht ar an athrú aeráide a ardú. .

> *"Is tionscnamh iontach é an tionscnamh Cruthaitheachta agus Athrú Aeráide chun feasacht a ardú ar an bpríomhfhadhb atá le réiteach ag an nglúin seo. Bheadh sé iontach dá mbeadh an tsnáithe sin mar chuid bhunúsach de gach straitéis as seo amach…"*

Bhí na cleachtóirí cruthaitheacha an-sásta an deis a fháil a bheith ag comhchruthú nó ag comhoibriú le lucht féachana, rud atá ríthábhachtach don ealaín agus don chleachtas cruthaitheach, go háirithe mar a bhaineann le daoine óga. Meastar go bhfuil tionscadail leanúnacha rannpháirtíochta agus tionscadail choimisiúnaithe (seachas imeachtaí aon uaire) tairbheach ó thaobh an chleachtais chruthaithigh agus taithí an lucht féachana. Ionaid iontacha don phobal ab ea na foirgnimh oidhreachta (m.sh., Caisleán Shoird, Páirc Ard Giolláin) agus na páirceanna, agus thug tob-spásanna i bhfoirgnimh eile de chuid na Comhairle deiseanna rannpháirtíochta freisin.

## Rath a thaispeáint

— Is cur chuige comhpháirtíochta é **Let's Play Ros Eo** chun deiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí súgartha agus chomhfhorbairt áite a thabhairt isteach agus a chruthú ar an mbaile. Tá an tionscadal mar chuid de thionscadal URBACT de chuid an AE ar a dtugtar an "Playful Paradigm". Tá Tionscnamh Náisiúnta Líonra Aistrithe aige in Éirinn a bhfuil sé mar aidhm aige dea-chleachtas a roinnt le bailte eile in Éirinn, lena n-áirítear Ros Eo. Dhírigh plean Ros Eo ar fheasacht a ardú maidir leis na buntáistí a bhaineann le himeachtaí súgartha, tuilleadh deiseanna súgartha poiblí a chur ar fáil, úsáid a bhaint as an spraoi mar spreagadh don chuimsiú, agus comhtháthú agus forbairt pobail a chur chun cinn. D'fhorbair na comhpháirtithe cuir chuige cruthaitheacha chun imeachtaí súgartha a thabhairt chun cinn do dhaoine i ngach aoisghrúpa, lena n-áirítear cosán scéil i gCoill Chinn Iúir, Cúirt Boules do dhaoine scothaosta, málaí súgartha le trealamh iontu le húsáid sna spásanna glasa, agus ranganna ealaíne do shaoránaigh scothaosta. Dúnadh sráideanna chun go mbeadh ciorcail drumadóireachta, buíonta damhsa agus ceoil in ann a bheith ag seinm. Ghlac páirtithe leasmhara sa phobal úinéireacht ar an tionscadal, rud atá ag spreagadh freagairt an phobail agus daoine páirteach ar an talamh, agus comhoibriú ar siúl go háitiúil chun go mbeadh an tionscadal níos inbhuanaithe.

— *Cruinniú na nÓg*. Tá daonra óg i bhFine Gall agus cuireadh fáilte roimh Chruinniú na nÓg a chuir clár a bhí éagsúil agus spreagúil ar fáil gach bliain. Tá obair nua, ardchaighdeáin coimisiúnaithe ag an Oifig Ealaíon i bpáirt le leanaí agus daoine óga nó ar son leanaí agus daoine óga, agus é ag tacú le healaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha a bhfuil baint acu le dearadh agus seachadadh an chláir. Chuir na tionscadail choimisiúnaithe deiseanna ar fáil chun samhlacha nua, idirdhisciplíneacha rannpháirtíochta a thástáil le príomhspriocghrúpaí agus mar thoradh air sin tharla trasnaíl spreagúil idir an ealaín, an súgradh, an ailtireacht agus an dearadh, an staidéar ar an dúlra, agus an stair. Mar shampla:

— **Fox, Bird, River, Sing!** Dráma fuaime uathúil a bhí coimisiúnaithe do leanaí, a chruthaigh na healaíontóirí Thomas Johnston agus Orla Kelly agus a léiríodh den chéad uair ar RTÉ Junior Radio. Cuireadh fad leis an rannpháirtíocht mar thoradh ar an suíomh gréasáin ina raibh acmhainní do lucht féachana sna teaghlaigh agus sna luathbhlianta.

— D'iarr **If Trees Could Talk** ar pháistí staidéar a dhéanamh ar shaothar grianghrafadóireachta leis an ealaíontóir Louis Haugh. Baineadh úsáid as clár fógraí agus scáthláin bus i bPort Mearnóg mar shuíomhanna poiblí don fhoghlaim lasmuigh agus chuir sé ar chumas na bpáistí a gcuid oibre a fheiceáil ar scála, agus cosán ealaíne a chruthú sa bhaile seo cois cósta.

— Taispeántas comhoibríoch ab ea an taispeántas **Talisman** i dTeach Dhroichead Nua idir an t-ealaíontóir Barbara Knezevic agus mic léinn Mheánscoil Naomh Seosamh i Ros Eo. Thug an tionscadal deis do dhaoine óga dul i ngleic ar bhealach fiúntach leis an mbailiúchán saibhir d'ábhar atá i dTeach Dhroichead Nua, trí shraith ceardlanna ealaíne faoi stiúir an ealaíontóra, agus an coimeádaí Cathal Dowd Smith.

— Bhí daoine óga ón gceantar (14–18 mbliana d'aois) in éineacht le hAiltirí Islander i bPáirc Mill Pond i mBaile Brigín le haghaidh **Plyscape**, ceardlann ailtireachta idirghníomhach a bhí saor in aisce inar tugadh cuireadh do na rannpháirtithe freagracht níos mó a ghlacadh ar a dtimpeallacht thógtha agus iad ag saincheapadh eilimintí de shraithadhmad le bheith ag tógáil, ag athchumrú, agus ag atógáil le linn na ceardlainne lae.

— **Clár STEAM Fhine Gall**
Tá Leabharlanna Fhine Gall tar éis stiúradh a dhéanamh ar dhearadh agus ar chur i bhfeidhm Chlár STEAM Fhine Gall, tosaíocht straitéiseach a aithníodh i gcultúr agus i gCruthaitheacht Fhine Gall 2018–2022. Tagann sé seo le cuspóir Straitéis Dhigiteach Fhine Gall 2020–2023 tacú leis an oideachas agus leis an oiliúint dhigiteach ar mhaithe le scileanna digiteacha agus a litearthacht dhigiteach na saoránach a fheabhsú.
In 2021, thug Leabharlanna Fhine Gall conradh do *Make Create Innovate* le spás déantóra saincheaptha a bhunú i Leabharlann Bhaile Bhlainséir agus clár déantóra a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do mhuintir Fhine Gall. Cómhaoiníodh an tionscadal faoi Chlár Éire Ildánach agus faoi Iúil 2022, bhí 1,500 duine tar éis dul i mbun 150 seisiún agus imeacht. Cuireadh cláir éagsúla i bhfeidhm chun an dream nach raibh scileanna déantóra acu cheana féin a mhealladh agus i measc na n-ábhar ceardlainne bhí: Priontáil 3D, gearradh léasair, forbairt cluichí, códú, déanamh t-léine, deisiú sofheicthe, agus dearadh gréasáin. Fuarthas amach sa mheastóireacht neamhspleách go bhfuil:

*"Spás nua comhaimseartha curtha ar fáil saor in aisce do pháistí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta, ina bhfuil uirlisí nua, daoine nua agus eispéiris nua a bhaineann lena saol… Tugann an gníomh déanta, a cheanglaíonn an chruthaitheacht leis an teicneolaíocht, eispéiris foghlama atá luachmhara agus dinimiciúla do dhaoine, rud atá difriúil ón gcineál teagaisc agus foghlama a raibh cleachtadh acu air, b'fhéidir, i gcomhthéacsanna foirmiúla oideachais agus ina ngairmeacha. Ní hamháin go dtugann sé seo bealaí nua foghlama do dhaoine ach, níos tábhachtaí fós, téann sé i bhfeidhm ar dhaoine a fhoghlaimíonn ar bhealach difriúil". (Whitebarn Consulting 2022)*

*Chuir an clár STEAM mionlaethanta déantóra ar fáil freisin i leabharlanna Bhaile Brigín agus Dhomhnach Bat agus bhí teacht ar chlár STEAM ar líne i 15 scoil. Cuireadh leis an oideachas códaithe sna leabharlanna nuair a ceannaíodh trí cheadúnais chódaithe atá ar fáil saor in aisce d'fhoghlaimeoirí agus do thuismitheoirí. Mar thoradh ar an gcomhoibriú idir an déantóir agus TU Bhaile Átha Cliath tá bunchúrsa don dearadh ríomhchuidithe curtha ar fáil do dhéantóirí agus d'oideachasóirí.*

— **Féile Staire (Deich mBliana na gCuimhneachán)**
Bunaíodh an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta in 2017 agus tugadh le chéile saineolaithe ó gach cuid de Chomhairle Contae Fhine Gall chun clár d'imeachtaí a mhairfeadh cúig bliana a fhorbairt do Dheich mBliana na gCuimhneachán. Tá raidhse eolais ar an stair áitiúil i bhFine Gall, a mbaineann Féile na Staire leas as. Déantar plé sna cainteanna ar réimse d'imeachtaí idir chomóradh céad bliain na Chéad Dála, Creachadh Bhaile Brigín i 1920, dó Stáisiúin an Gharda Cósta i 1921 agus Tramanna Chnoc Bhinn Éadair. Tá an clár deich mbliana seo ag éascú rannpháirtíocht leanúnach an phobail, ag cur leis an eolas ar an stair áitiúil agus beidh fáil ar mar shaothar oidhreachta ag na glúnta atá le teacht i Stór digiteach Fhine Gall ar Dheich mBliana na gCuimhneachán.
Bhí an Oifig Ealaíon ag comhoibriú freisin le Staidéar Áitiúil agus Cartlann maidir le cuir chuige cruthaitheacha i leith comóraidh. Rinneadh coimisiúnú uathúil ar scannáin agus ar phíosa scríbhneoireachta faoin uair ar dhóigh an IRA tithe beaga leis an nGarda Cósta i bhFine Gall - 'Burning of the 6 Coastguard Cottages' i gcomhpháirtíocht le hIonad Scríbhneoirí na hÉireann. In 2022 coimisiúnaíodh scannán nua dar teideal Peace to the Ashes, faoi shaol agus oidhreacht an oibrí deonach de chuid na háite Frank Lawless, agus an tábhacht ó thaobh na staire de a bhain lena shochraid a bhí ar siúl i 1922 i Reilig Bhaile an Rólaigh, taobh amuigh de Shoird.

# 3 Fís Éire Ildánach d'Fhine Gall

I gcroílár phleananna agus pholasaithe uile na Comhairle tá go mbeadh Fine Gall ina áit iontach le maireachtáil ann, a bheith obair ann, cuairt a thabhairt air, agus gnó a dhéanamh ann agus is í an fhís atá ag an straitéis seo ná go mbeidh teacht ag gach duine ar an gcruthaitheacht, ar an gcultúr agus ar na healaíona agus go mbeadh meas ag gach duine orthu. Tacóidh an Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta seo le cuspóirí a bhaineann le folláine, comhtháthú sóisialta agus cuimsiú, oidhreacht, na healaíona, cultúr, turasóireacht, agus forbairt gheilleagrach a sheachadadh trí chomhoibriú tras-rannach. Tá ár gcroíluachanna mar bhonn ag an straitéis seo, lena n-áirítear ceannaireacht dhaonlathach agus chathartha, fócas ar ár saoránaigh a mhealladh agus a spreagadh, cuimsiú, meas a bheith ar dhaoine agus iad a spreagadh le bheith ag forbairt agus an inbhuanaitheacht.

Tá réimsí sonracha aitheanta ag an bhFoireann Cultúir agus Cruthaitheachta le díriú isteach orthu, agus is acu seo is mó a bheidh tionchar fadtéarmach ar Fhine Gall. Éascóidh agus comhdhlúthóidh sé seo na hiarrachtaí atá ar bun an chruthaitheacht a leabú san obair ar fad a dhéanann an Chomhairle agus tagann sé le fís, prionsabail, agus luachanna na gComhphobal Cruthaitheach. Tógfaidh Éire Ildánach Fhine Gall ar a bhfuil bainte amach go dtí seo agus leanfaidh sé aghaidh ag tacú le rochtain agus rannphháirtíocht dár saoránaigh go léir, trí spás a sholáthar don chultúr agus don chruthaitheacht agus leanúint ar aghaidh ag tacú leis na healaíontóirí agus leis na cleachtóirí cruthaitheacha, ionas go bhféadfar ealaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha eile a cheangal leis na pobail.

# 4 Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach

## Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha

Leanfaidh *Pobail Ildánacha* ag tacú le húdaráis áitiúla ina straitéis folláine trí:

— **Beartas** — Ag obair i gcomhar ar fud an rialtais ag tacú le húdaráis áitiúla beartais agus tosaíochtaí ábhartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chur ar fáil;

— **Cleachtadh** — Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta Solúbtha, i réimsí éagsúla ag cur cur chuige sofhreagrúil agus inoiriúnaithe ar fáil atá lárnach do sheachadadh *Pobail Ildánacha* de réir mar atáthar ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí atá ábhartha go háitiúil.

— **Rannpháirtíocht** — Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine le bheith páirteach iontu agus sult a bhaint as an gcultúr agus cruthaitheacht ag an leibhéal áitiúil i mbealaí a chuireann bonn agus taca faoi chomhionannas rochtana; agus

— **Comhpháirtíocht** — Idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, agus Ros Comáin agus na hearnálacha áitiúla cultúir agus cruthaitheachta atá againn.

Tá an cur chuige seo bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar chlár roinnte, straitéiseach agus maith a dhéanamh ar na dúshláin agus deiseanna ar leith atá i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Déanfar comhpháirtíocht *Pobail Ildánacha* a sheachadadh i gcomhréir leis na prionsabail agus luachanna seo a leanas:

i. Rochtain níos leithne a bheith ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta áitiúla (agus rannpháirtíocht iontu).

ii. Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun obair i gcomhar agus nuálaíocht a spreagadh i dtaobh folláine, aontacht shóisialta agus forbairt eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach.

iii. An cumas atá ag údaráis áitiúla i dtaobh an cultúr agus an chruthaitheacht a imeascadh a neartú ar fud comhfhorbairt áite, athghiniúint, athnuachan agus áiteanna níos bríomhara, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.

iv. Infheistíocht a dhéanamh sa chultúr agus sa chruthaitheacht chun tacú le tuairiscí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a chuidíonn cláir oibre na n-údarás áitiúil a chur ar fáil–idir áitiúil agus réigiúnach, go dtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

v. Cur leis an gcur chuige lúfar agus comhtháite atá ag Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun baint amach breise cláir spríocdhírithe i gcomhar a chothú.

# 5 Tosaíochtaí Straitéiseacha d'Fhine Gall

### Daonra agus déimeagrafaic ag athrú

Léiríonn réamhthorthaí ó dhaonáireamh 2022 go bhfuil Fine Gall fós ar cheann de na contaetha is mó agus is sciobtha atá ag fás. Léirigh eolas ón daonáireamh roimhe sin in 2016 go raibh thart ar 42% de dhaonra an chontae faoi bhun 30 bliain d'aois, i gcomparáid leis an meán náisiúnta 39%. Bhí os cionn 13% díobh 60 bliain d'aois agus os a chionn i gcomparáid le 18% go náisiúnta, cé go bhfuil daonra ard de dhaoine aosta sa chontae i gcónaí. Sháraigh Fine Gall an phróifíl náisiúnta go mór sna catagóirí aoise 0-15 agus 25-39 agus níorbh as Éirinn 16% (65,000) den daonra.

Beidh ar an straitéis seo agus ar Chlár Éire Ildánach Fine Gall aghaidh a thabhairt ar phróifíl dhéimeagrafach an chontae chun croíluachanna na *bPobal Ildánach* a léiriú amhail rochtain níos fearr a bheith ar ghníomhaíochtaí cultúir, agus cruthaitheacha go háitiúil, agus é a bheith níos éasca páirt a ghlacadh iontu. Tacaíonn an comhthéacs áitiúil seo leis an mbunús atá leis an gcultúr agus an chruthaitheacht a leabú mar spreagadh d'fholláine agus do shláinte an phobail, don chomhtháthú sóisialta, agus don fhorbairt gheilleagrach san obair ar fad a dhéanann an Chomhairle. Má chuirtear deiseanna tarraingteacha ar fáil chun an chruthaitheacht a fhorbairt agus a chur i láthair agus má cheiliúraimid na cultúir éagsúla is féidir leis seo cabhrú leis an ionadaíocht. Leanfaimid orainn ag forbairt samhlacha a chuirfidh an cultúr, an chruthaitheacht agus na healaíona chun cinn, a thacóidh leis an gcuimsiú sóisialta agus a léireoidh ceannaireacht ó thaobh glacadh leis an ilchineálacht agus le deiseanna.

Beidh seachadadh an chuspóra straitéisigh seo ag teacht le beartais agus le pleananna eile. Mar shampla, leagtar amach i bPlean Pobail Eacnamaíoch Áitiúil Fhine Gall 2016–2021 téamaí a bhaineann le cúrsaí sláinte, folláine agus Cuimsiú Sóisialta, leis an Turasóireacht, an Comhshaol agus an Oidhreacht, agus luíonn an cultúr agus an chruthaitheacht isteach go nádúrtha leo seo. Tá an próiseas ar bun chun Plean Eacnamaíochta Áitiúil Pobail Fhine Gall 2022–27 a leagan amach agus leanfar ar aghaidh ag cur na dtéamaí seo san áireamh sa phlean nua.

Cuireann Plean Straitéiseach Fhine Gall Sláintiúil 2021–2025 fís d'Fhine Gall Sláintiúil os ár gcomhair, áit a mbeidh daoine in ann a bheith chomh sláintiúil agus chomh folláin agus is féidir é go fisiciúil agus ó thaobh a meabhairshláinte de agus ina mbeidh meas ar an bhfolláine ag gach leibhéal den tsochaí agus ina dtabharfar tacaíocht di. Má bhíonn an chruthaitheacht agus an muintearas á gcothú, agus daoine ag plé le cúrsaí cultúir agus á gceiliúradh d'fhéadfadh sé cabhrú leis an meabhairshláinte agus leis an bhfolláine i ngach aoisghrúpa.

Tá an cultúr agus an chruthaitheacht in ann leanúint de bheith ag tacú le seachadadh Straitéis Aoisbháúil Fhine Gall 2018–2023 ina n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le bheith páirteach in imeachtaí fóillíochta, sóisialta, agus cultúir leis an teaghlach agus sa phobal, ionas go bhféadfaidh na saoránaigh atá níos sine coinneáil orthu ag léiriú a gcumas, go mbeidh meas orthu, agus go beidh siad in ann caidrimh thacúla agus chomhbhácha a chothabháil nó a bhunú.

Tugtar breac-chuntas i Straitéis um Chomhtháthú Imirceach agus Comhtháthú Sóisialta Chomhairle Contae Fhine Gall 2019–2024, ar réimse gníomhartha, a mbeidh Éirinn Ildánach Fhine Gall in ann tacú lena sheachadadh. Mar shampla, deiseanna a chur ar fáil chun ilchineálacht Fhine Gall ó thaobh an chultúir de a cheiliúradh, go háitiúil agus ag imeachtaí ar fud an chontae, agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thionscnaimh chomhoibríocha i leabharlanna, i bpáirceanna, in ionaid phobail, agus sna scoileanna chun an t-imeascadh a chur chun cinn.

### Áiteanna iontacha a dhéanamh as na cathracha/na contaetha le bheith ag maireachtáil agus ag obair iontu, le cuairt a thabhairt orthu agus le hinfheistíocht a dhéanamh iontu.

Tá sé mar aidhm ag an bhfís straitéiseach atá i nDréachtphlean Forbartha Chontae Fhine Gall 2023–2029:



Make space at Draoicht.
**Photograph:** Coalesce

*Go nglacfaidh Fine Gall le háitfhorbairt shláintiúil agus leis an rath eacnamaíochta trí phobail chomhtháite agus inbhuanaithe a bhunú, áit a gcosnaítear ár dtimpeallacht chultúir, ár dtimpeallacht nádúrtha agus ár dtimpeallacht thógtha. Beidh Fine Gall i gcónaí ina contae ina bhfuil sócmhainní sainiúla ó thaobh na staire, an chultúir agus pobail áitiúla de, agus an fhorbairt inbhuanaithe ag cothú ardchaighdeán maireachtála dóibh siúd atá ina gcónaí anseo, ag obair anseo nó ag teacht ar cuairt. Beidh todhchaí inbhuanaithe an chontae bunaithe ar an idirspleáchas idir fás an gheilleagair, an dul chun cinn sóisialta agus caighdeán na timpeallachta chomhshaoil agus é mar aidhm aige féin-spleáchas agus acmhainneacht an chontae a mhéadú.*

Tá sé mar bhonn agus mar thaca ag gach plean, polasaí, fís agus misean de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall go mbeadh Fine Gall ina áit iontach le bheith ag maireachtáil nó ag obair ann, cuairt a thabhairt air agus gnó a dhéanamh ann. Meallann an chomhfhorbairt áite daoine agus infheistíocht isteach chuig an gcontae. Is spreagadh ríthábhachtach iad an cultúr agus an chruthaitheacht don chomhoibriú agus don nuálaíocht mar a bhaineann le folláine pobail, comhtháthú sóisialta, agus forbairt gheilleagrach a bhaint amach. Má dhírítear ar an

tosaíocht straitéiseach seo, neartófar ár gcumas an cultúr agus an chruthaitheacht a chomhtháthú sna cláir comhfhorbartha áite agus sna cláir athghiniúna ar fad agus áiteanna bríomhara, cruthaitheacha, agus inbhuanaithe a chruthú ina mbeidh meas ar an oidhreacht, ar na healaíona, agus ar an gcultúr agus ina ndéanfar iad a cheiliúradh.

Samhlaíonn Plean Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall 2019-2025 contae a dhéanann infheistíocht sna healaíona agus a thugann cosaint dóibh agus ina mbíonn meas ar na healaíona i ngnáthshaol na ndaoine. Leanfaidh Clár Éire Ildánach Fhine Gall ag comhoibriú leis an Oifig Ealaíon maidir le rannpháirtíocht an phobail a chumasú agus a spreagadh; an fhorbairt ar chruthaitheacht agus ar ghairmiúlacht na ealaíontóirí agus na n-eagraíochtaí cruthaitheacha agus ealaíon a chumasú; cultúr nuálaíochta agus dea-cleachtais a chothú; agus cur le cumas Chomhairle Contae Fhine Gall agus a hOifig Ealaíon ó thaobh feasachta, scileanna agus acmhainní de.

Leagann Plean Oidhreachta Fhine Gall 2018–2023 béim ar an gcaoi a gcuireann ár n-oidhreacht chultúir feabhas ar ár saol agus an chaoi a ndéanann sé muid níos folláine agus go n-airíonn muid bainteach leis an áit. Tá sé ina chuid den fhéiniúlacht ar leith atá ag baint le gach ceantair áitiúil agus cuireann sé lenár dtuiscint ar áit. Nuair a bhímid ag roinnt agus ag ceiliúradh ár n-oidhreacht agus ár gcultúir éagsúla cuidíonn sé lenár bhfolláine agus tacaíonn sé leis an gcuimsiú sóisialta. Gné lárnach ó thaobh ár stair agus ár gcultúr uathúil a chosaint agus a cheiliúradh is ea ár n-oidhreacht a roinnt le pobal mór.

Agus muid ag obair go tras-rannach agus leanfaimid orainn ag glacadh leis na deiseanna a thugann Clár Éire Ildánach d'Fhine Gall dúinn le bealaí cruthaitheacha, nuálacha, comhtháite a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh baint ag an bpobal leis an oidhreacht. Díreoimid ar lucht féachana nua i ngach grúpa sóisialta, eitneach, agus i ngach aoisghrúpa le cláir agus imeachtaí agus tacóimid le tionscnaimh oidhreachta a bheidh faoi stiúir an phobail. Maidir leis an turasóireacht, is mar gheall ar an oidhreacht thógtha, an cósta, agus an chothromaíocht idir na ceantair uirbeacha/na ceantair thuaithe, an cultúr agus na féilte is mó a thugann daoine cuairt ar an gcontae. Is féidir le hÉire Ildánach Fhine Gall cabhrú le barrfeabhais a chur ar an eispéireas do chuairteoirí.

### Gníomhú ar son na haeráide

Leagtar síos i bPlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide Chomhairle Contae Fhine Gall 2019-2024 na spriocanna go dtiocfadh méadú 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2020 agus laghdú 40% ar astaíochtaí CO2 faoi 2030 i gcás ghníomhaíochtaí de chuid na Comhairle. Cabhróidh an Chomhairle le go mbeidh Fine Gall acmhainneach ó thaobh na haeráide de agus ról ceannaireachta a ghlacadh aige ó thaobh aistriú go dtí sochaí dhícharbónaithe, ár mbeartais agus ár nósanna imeachta a bheith díonta ar an aeráid agus ár saoránaigh a mhealladh le bheith gníomhach. Aithnítear sa phlean an ról ríthábhachtach atá ag an bpobal agus an gá atá le réimse clár agus comhpháirtíochtaí nuálacha chun réitigh, a thiocfaidh ón mbun aníos, agus a bheidh faoi stiúir an phobail a éascú.

Mar gheall ar an tosaíocht straitéiseach seo beifear in ann a chinntiú go n-úsáidfear an chruthaitheacht agus an cultúr chun tacú le ceann as na ceithre phríomhréimse atá sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a sheachadadh, trí a bheith gníomhach ag mealladh na saoránach agus á gcur ar an eolas maidir leis an athrú aeráide. Féadfar é seo a bhunú ar thionscnaimh spreagúla, chruthaitheacha ar nós Línte na Farraige, sraith de shuiteálacha solais atá in ionaid éagsúla ar chósta na hÉireann, lena n-áirítear Teach Bhaile Brigín, a thaispeánann an chontúirt a bhaineann le leibhéil na farraige a bheith ag ardú agus a léiríonn gur gá gníomhú ar son na haeráide chun ár gcóstaí a chosaint.

### Lár an Bhaile ar dtús agus/nó geilleagar tuaithe

Mar bhonn agus mar thaca don Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach (RSES) 2019-2031 le haghaidh Limistéar Tionóil Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre ina leagtar amach plean straitéiseach chun an fhorbairt a mhúnlú; comhfhorbairt áite shláintiúil, gníomhú ar son na haeráide agus deiseanna don gheilleagar.

Tá rannóg sa phlean a bhaineann le 'Rochtain ar na hEalaíona, ar an gCultúr, an Teanga agus an Oidhreacht' agus leagtar amach ann Cuspóirí Beartais Réigiúnacha a bhaineann le cultúr agus féiniúlacht, athnuachan bunaithe ar an gcultúr agus ar an oidhreacht, an earnáil closamhairc, an Ghaeilge agus an turasóireacht chultúir. Má dhéantar infheistíocht sa chultúr agus sa chruthaitheacht is féidir leis seo an comhshaol, cúrsaí sóisialta, agus an eacnamaíocha a chur chun cinn, rud a chabhraíonn leis na pleananna réigiúnacha agus áitiúla a chur i gcrích.



Déanfar Clár Éire Ildánach Fhine Gall a ghiaráil chun tacú le tionscnaimh athghiniúna atá ar siúl cheana féin nó atá beartaithe le linn shaolré na straitéise, lena n-áirítear, mar shampla, Ceathrú Chultúir Shoird agus ár gClár d'Athnuachan Bhaile Brigín. Is cuid lárnach dár gClár d'Athnuachan Bhaile Brigín é acmhainneacht chultúir agus chruthaitheach Bhaile Brigín a chothú mar cheann scríbe do chuairteoirí, mar ionad le haghaidh infheistíochta agus mar áit a mheallann scileanna cruthaitheacha agus tallann, agus a chothaíonn agus a choinníonn iad faoi stiúir Roinn Eacnamaíochta, Fiontraíochta, Cultúrtha, agus Turasóireachta Chomhairle Contae Fhine Gall.

### Ceathrú Chultúir Shoird

Mar chuid d'athnuachan lár bhaile Shoird, tá sé i gceist ag Comhairle Contae Fhine Gall Ionad Nua Cathartha agus Cultúir a thógáil i gcroílár bhaile contae Fhine Gall. Beidh Leabharlann Contae san fhoirgneamh a chlúdóidh 3,000m2, amharclann ina mbeidh suíocháin do 165 duine, gailearaí ealaíne agus spás do thaispeántais, spás déantóra chun an chruthaitheacht a spreagadh, stiúideonna agus seomraí cleachtaidh do na hEalaíona, Leabharlann Cartlainne agus Staidéar Áitiúil, chomh maith le caifé.

### Digitiú agus claochlú leanúnach

Leagtar béim i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Fhine Gall 2019-2024 ar an gcaoi a mbainfidh an Chomhairle úsáid as na teicneolaíochtaí digiteacha ionas gur féidir seirbhísí a leagan amach a dhéanfaidh freastal ar riachtanais na saoránach agus na gnólachtaí, seirbhísí a bheidh níos éasca do shaoránaigh agus do ghnólachtaí le húsáid, agus nach mbeidh chomh costasach don chomhairle le cur ar fáil. Cabhróidh an fócas straitéiseach leanúnach atá ar an digitiú agus ar an gclaochlú ag Éire Ildánach Fhine Gall le Colún an Phobail Dhigitigh i Straitéis Dhigiteach Fhine Gall 2020-2023 a sheachadadh. Tá sé mar aidhm aige seo cur ar chumas an phobail teacht ar scileanna digiteacha agus ar sheirbhísí digiteacha agus deiseanna a chur ar fáil do chách. Tá cuspóirí sonracha ag baint leis an gcuimsiú digiteach agus comhionannas digiteach níos fearr a chur chun cinn, rannpháirtíocht i measc grúpaí mionlaigh a spreagadh, agus tacú leis an oideachas digiteach chun litearthacht dhigiteach na saoránach a fheabhsú.

Leagtar amach i bPlean Forbartha Leabharlanna Fhine Gall 2018-2023 fís dár líonra de bhrainsí ina mbeidh siad ina spásanna dinimiciúla agus cuimsitheacha agus iad ag tacú le cúrsaí cultúir, caithimh aimsire, litearthachta, oideachais, agus leis an forbairt gheilleagrach sa chontae. Tá na leabharlanna ina bpríomhphointí rochtana freisin don phobal mar a bhaineann leis an teicneolaíocht faisnéise agus le seirbhísí digiteacha. Cheana féin tá an fhorbairt ar chlár STEAM Fhine Gall, le tacaíocht ó Éire Ildánach ag cur i bhfeidhm gníomhartha agus cuspóirí na Straitéise Digití agus na bPleananna Forbartha Leabharlainne don chontae, trí spásanna do dhéantóirí a fhorbairt i leabharlanna, scéimeanna cónaitheachta a eagrú do dhéantóirí, chomh maith le cláir STEAM a chur ar fáil don phobal.

Léiríonn aiseolas ó pháirtithe leasmhara go bhfuil Éire Ildánach Fhine Gall tar éis éirí as a bheith dírithe go hiomlán ar an ardteicneolaíocht, rud a chuidíonn le cleachtais chruthaitheacha níos leithne. Mar thoradh air seo, tá cláir ar fáil a bhfuil spéis ag tuilleadh daoine iontu, go háirithe mná agus cailíní. Mar gheall ar an gcur chuige ildisciplíneach tá níos mó bealaí isteach ann do dhaoine agus is féidir leo tosú le rud éigin a bhfuil siad compordach leis agus ina dhiaidh sin scileanna nua a fhorbairt. Tugann na healaíontóirí agus na daoine cruthaitheacha cleachtadh láidir agus déanann siad forbairt ar a gcuid scileanna maidir leis an trealamh a úsáid chun ceardlanna a reáchtáil.

Tharraing cleachtóirí cruthaitheacha a raibh baint acu le seachadadh Chlár Éire Ildánach aird ar go dtugann an digitiú deis leanúint ar aghaidh ag plé le scoileanna mar a bhaineann leis an ealaín idirghníomhach agus an chruthaitheacht. Forbraíodh an cur chuige seo le linn na paindéime agus shroich sé lucht spéise mór sna scoileanna.



Grasshoppers Early Years Festival. **Photograph:** Coalesce

# 6 Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Fhine Gall

Tá Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta bunaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall chun cur i bhfeidhm na Straitéise seo a threorú agus a mhaoirsiú.

Is iad na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta bunchloch na bPobal Ildánach ar fud gach ceann den 31 údarás áitiúil in Éirinn. Tugann na foirne seo réimse agus leibhéal suntasach saineolais le chéile agus, in go leor cásanna, áirítear orthu daoine gairmiúla ó réimsí amhail ailtireacht, na healaíona, gníomhú ar son na haeráide, forbairt pobail, fiontraíochta agus timpeallachta, oidhreacht, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an Ghaeilge, leabharlanna, pleanáil spásúlachta, turasóireacht agus eile. Cuireann an méid eolas teicniúil atá ag na foirne seo ar chumas gach údarás áitiúil úsáid a bhaint as an méid léargais, acmhainní agus taithí seachadta atá acu, nithe nach mbeadh ag mórán eagraíochtaí poiblí eile ná ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach.

**Is é an ról atá ag an bhfoireann seo ná:**

- Fóram comhchoiteann a chur ar fáil i dtaobh uaillmhian an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den údarás áitiúil;
- Díriú ar éagsúlacht agus uileghabhálacht agus a chur ar chumas pobail a bhfuil sé níos deacra iad a mhealladh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta;
- Cur le saineolas agus straitéisí intí atá ann cheana ar feadh réimsí na folláine, aontacht folláine agus forbairt eacnamaíochta d'fhonn leas a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun cláir oibre spriocdhírithe údaráis áitiúil a chur ar fáil; Athrú a chumasú i dtaobh an luach atá ar earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh d'údaráis áitiúla agus ar fud údaráis áitiúla agus a chinntiú go ndéantar an cultúr agus an chruthaitheacht a leabú ar fud pleananna, polasaithe agus foirne tionscadail sna húdaráis áitiúla.
- Borradh a chur faoi ghníomhartha tras-chomhoibríocha a thacaíonn le hathrú agus torthaí dearfacha go háitiúil, agus a d'fhéadfadh a bheith ann idir údaráis áitiúla ag leibhéal réigiúnach; agus
- A bheith nuálach agus rioscaí a ghlacadh — tionscadail nua agus bealaí nua oibre a thriail.

Tá seachadadh na Straitéise faoi stiúir an Stiúrthóra Seirbhísí um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontraíochta, Turasóireachta agus Cultúrtha agus i measc bhaill na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta do Chomhairle Contae Fhine Gall tá Oifigeach Ealaíona, Oifigeach Ealaíona don Óige, Leabharlannaí Contae, Leabharlannaí feidhmiúcháin sinsearach, SEO EECTD, Oifigeach Oidhreachta, Oifigeach Caomhnaithe, Oifigeach Cumarsáide agus Oifigeach Imeachtaí Fhine Gall.

Tá na struchtúir agus na próisis seo ríthábhachtach le go n-éireoidh le *Pobail Ildánacha* na tosaíochtaí straitéiseacha d'Fhine Gall a bhaint amach.

Plyscape Balbriggan architecture
**Photograph:** Coalesce




## Léarscáil d'Fhine Gall



A Government of Ireland Initiative.
Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann.

—

CreativeIrl
creativeirl
creativeireland

—

**creativeireland.gov.ie**

**Éire Ildánach**

*Ag spreagadh agus ag athrú daoine, áiteanna agus pobal tríd an gcruthaitheacht.*